

## TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:

**Bainisteoir Tionscadail FRS na Dúnaibh**

**An Oifig Tionscadail:** RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43

**Ríomhphost:** [downingfrs@rpsgroup.com](mailto:downingfrs@rpsgroup.com)

## NAISC ÁBHARTHA

**Láithreán Gréasáin:** <https://countydonegalfrs.ie/downingfrs/>

**COUNTY DONEGAL**  
FLOOD RELIEF SCHEMES



Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
**2040**

**OPW**  
Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

# NA DÚNAIBH

## Scéim Faoisimh Tuilte

Nuachtlitir Uimh. 9  
Samhain 2022

<https://countydonegalfrs.ie/downingsfrs>



## CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair ar shainiú a dhéanamh ar an Scéim is Fearr do na Dúnaibh i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha roimh Lá Eolais don Phobal san athbhliain.

Tá an cnuasach sonraí i gCéim 1 críochnaithe, lena n-áirítear na suirbhéanna. Tá samhlú ríomhaireachta mionsonraithe a dhéanann ionadaíocht ar Shruthán Ros Goill agus oibríochtaí cósta Chuan na gCaorach curtha in oiriúint le hais tuilte a bhí ann roimhe seo lena chinntiú gur ceart an samhlú agus an mhapáil atá sé a dhéanamh ar an riosca tuilte sa cheantar. Tá tástáil déanta ar réimse imeachtaí tuilte sa mhúnla chun gach uile shaghas tuile a chlúdach, ar a n-áirítear tuilte troma de dheasca athrú aeráide.

Ar shainmhíniú a thabhairt ar bhaol tuilte, rinneadh tástáil ar éifeacht na roghanna éagsúla de na faoisimh tuilte. De thairbhe na hoibre seo, laghdaigh an fhoireann an liosta de na roghanna féideartha sa Scéim agus mheas siad na féidearthachtaí indeánta taobh le hábhair eile - costais, tairbhe, tionchar ar chomhshaol agus tionchar sóisialta.

Tá scagadh á dhéanamh anois ar an rogha is fearr, mar atá breactha anseo thíos.

## FIOSRÚ TALAIMH

Tá sonraíocht forbartha ag an Fhoireann Tionscadail agus tá tairiscint phoiblí eisithe maidir le Fiosrú Talaimh a sholáthar a thacóidh le dearadh imlíne (Pleanáil) na scéime. Táthar ag déanamh go mbronnfar an Conradh Fiosrú Talaimh i mbliana agus go dtosóidh ar an obair sin ar an suíomh go luath in 2023.

## AN ROGHA IS FEARR A FHORBAIRT

Pléadh roghanna éagsúla le tuilte a bhainistiú a mheas agus rinneadh ar shamhail iad leis an scéim is éifeachtaí a luacháil do Na Dúnaibh. Rinneadh dianstaidéar ar na beartais fhéideartha uilig agus cuireadh san áireamh na beartais sin agus eile atá i bPlean Bainistiú Riosca Tuilte an Iarthuaiscirt ([www.floodinfo.ie](http://www.floodinfo.ie)). Baineann a thábhacht sin le bheith cinnte go meastar agus go mbunaítear na féidearthachtaí ar fad taobh leis an eolas is fearr atá ann sa dóigh go n-aimsítear an beartas roghnaithe is fiúntaí.

Tá múnla costas ar na roghanna uilig á meas taobh le costas feadh saoil an deartha. Tá RPS ag obair faoi láthair leis na costais a bheachtú bunaithe ar an eolas margaidh reatha is fearr.

Tá measúnú ar dhíobháil eacnamaíoch ar réadmhaoine déanta do FRS na nDúnaibh agus tá Cóimheas Sochar-Costas (BCR) socraithe do na roghanna atá sainaitheanta.

Tá Anailís II-Chritéir ar siúl chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht gach uile rogha le hais réimse fachtóirí teicniúla, timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíocha. Tá seo mar bhonn eolais chomh maith ag an rogha a dhéanfar agus cinntíonn go ndéanfar breithniú ar shochair thar an inriteacht eacnamaíoch.

Tá RPS ag déanamh scagadh faoi láthair ar an rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh bunaithe ar chomh hintógtha atá sé, a oibríocht agus a chothabháil, a inoiriúnaithe a bheidh sé maidir leis an aeráid agus athruithe eile amach anseo. Tá RPS ag déanamh scagadh chomh maith ar scéim a dearadh i bhfianaise Caighdeán Cosanta níos airde do FRS na nDúnaibh m.sh. faoi chosaint ón tús in aghaidh athruithe aeráide a d'fhéadfadh teacht amach anseo agus go háirithe i bhfianaise leibhéal ardaithe farraige amach anseo.

## LÁ EOLAIS DON PHOBAL

Déanfaidh an Fhoireann Tionscadail Lá Eolais don Phobal a reáchtáil chomh luath agus a bheidh sainiú déanta ar an FRS is Fearr do na Dúnaibh. An cuspóir le Lá Eolais don Phobal ná a chur in iúl duit cén dóigh ar úsáideadh an t-eolas a chuir tú ar fáil sa Chomhairliúchán Poiblí Tosaigh (9ú Samhain 2021- 21ú Nollaig 2021) leis an Scéim is Fearr a aimsiú.

Déanfar seo a reáchtáil i mí Eanáir 2023.

## MEASÚNÚ AR CHOMHSHAOL

Folaíonn na suirbhéanna comhshaoil bonnlíne a rinneadh go dtí seo éanlaith a gheimhriónn anseo, suirbhéanna gnáthóg, suirbhéanna iascaigh, spéicis faoi chosaint chomh maith le suirbhéanna deascbhunaithe le srianta a shainiú. Rachaidh an t-eolas seo i bhfeidhm ar scagadh an rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh don Mheasúnú Tionchair ar Chomhshaol (EIA) agus Measúnú Cuí (AA) le Ráiteas Tionchair Natura (NIS). Féadann sainsuirbhéanna breise a bheith de dhíth leis an rogha is fearr atá ag teacht chun tosaigh a mheas agus le seasmhacht leithead na measúnaithe ar chomhshaol a chinntiú nuair a bheidh sin cinnte.

## BREAC-CHUNTAS AR CHLAR SCÉIM NA NDÚNAIBH

	Gníomhaíocht	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Céim 1	Bailiú Sonraí agus suirbhéanna						
	Anailís Hidreolaíochta						
	Anailís Hiodrálach						
	Anailís agus forbairt na Scéime						
Céim 2	Pleanáil						
Céim 3	Dearadh mionsonraithe na Scéime						
Céim 4	Oibreacha tógála						
Céim 5	An Scéim á hOibriú						

*Tugtar na hamlínte measta is fearr don am i láthair ach féadtar iad a leasú.*

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

**Suirbhéanna:** Tá na suirbhéanna sonraithe déanta agus tugadh an t-eolas deiridh don Fhoireann Tionscadail. Tá RPS ag plé le suirbhéanna breise le bundearadh scéime a mhúnla.

**Anailís Hidreolaíoch agus Hiodrálach:** Tá an anailís hidreolaíoch déanta agus tá RPS ag críochnú anailís hiodrálach.

**Anailís agus Forbairt Scéime:** Tá RPS ag obair i gcomhar leis an Ghrúpa Stiúrtha leis an rogha is fearr a shainiú. Tá RPS ag forbairt tuairiscithe ar Anailís agus Forbairt Scéime ar a n-áirítear tuairisciú breise ar chur i ngníomh beartas do bharrchomhairliúcháin dhúlra-bhunaithe, intógthacht, oibriú agus cothabháil, agus oiriúnú d'athrú aeráide.

**Measúnú ar Chomhshaol:** Nuair a fhuasclófar an rogha is fearr agus Caighdeán Cosanta, déanfar Scagadh don Mheasúnú Oiriúnach, Scagadh EIA agus forbrófar Ráiteas Tionchair Natura.

**Lá Eolais don Phobal:** Tá sé i gceist lá eolais don phobal a reáchtáil i mí Eanáir 2023 chun an Scéim is Fearr a chur i láthair agus bhur mbarúlacha a chloisteáil.

**Iarratas Pleanála:** Déanfar an cháipéisíocht don scéim a réiteach agus a chur isteach don phleanáil in 2023. Beidh comhairliúchán poiblí reachtúil eile ann mar chuid den phróiseas pleanála.